

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022



SCÉIM AITHEANTAIS MAR SCOIL GHAELTACHTA



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Gaeiloideachas 
Guth don Oideachas Lán-Ghaeilge



AN ROINN DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS EDUCATION
AGUS SCILEANNA AND SKILLS

Na chéad céimeanna i gcur i bhfeidhm an Pholasaí 2017/18

Céard iad cuspóirí an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta?

Is é príomhchuspóir an *Pholasaí* ná oideachas ar ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga i scoileanna Gaeltachta agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'úsáid na Gaeilge i bpobail na Gaeltachta.

Tá sé mar chuspóir ag an *bPolasaí*:

- Tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge i scoileanna Gaeltachta agus suíomhanna luathbhlianta, sa chaoi is go mbeidh an teagasc trí Ghaeilge mar chéad rogha ag na tuismitheoirí ar fud na limistéar Gaeltachta
- Tacú le soláthar oideachais chuí trí mheán na Gaeilge do leanaí agus daoine óga atá á dtógáil le Gaeilge
- An nuálaíocht agus barr feabhais a chothú i soláthar an oideachais trí mheán na Gaeilge.

Conas is féidir lenár scoil cuspóir an Pholasaí a bhaint amach?

Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag bhur scoil i bhfeidhmiú an *Pholasaí* trí bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Céard é an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta?

Faoin *bPolasaí*, is féidir le scoileanna atá lonnaithe i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta spéis a léiriú chun páirt a ghlacadh sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile) mar atá leagtha amach i gcritéir theanga-bhunaithe an *Pholasaí*. Cuirfear ar chumas scoileanna an t-aitheantas seo a bhaint amach thar thréimhse chúig bliana.

Conas is féidir lenár scoil bheith rannpháirteach sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta ?

In Aibreán 2017 tabharfar cuireadh do scoileanna i limistéir pleanála teanga Ghaeltachta páirt a ghlacadh sa *Scéim*. Mar chéad chéim, beidh ar scoileanna a bhfuil fonn orthu bheith páirteach sa *Scéim* cinneadh a dhéanamh i gcomhar leis an bpobal scoile uile agus a léiriú spéise sa *Scéim* a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scoileanna.

Cad a bheidh le déanamh ag ár scoil chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach?

Beidh ar scoileanna a ghlacfaidh páirt sa *Scéim*, trína bpróisis fhéinmheastóireachta, plean gníomhaíochta a fhorbairt. Léireoidh an plean gníomhaíochta seo go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach. Léireoidh sé freisin an chaoi ina dtógfaidh an scoil naisc leis an bpobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú. Cuirfear ar chumas scoileanna an t-aitheantas seo a bhaint amach thar thréimhse chúig bliana.

Céard iad na tacaí tosaigh a chuirfear ar fáil dár scoil chun aitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach?

Sa scoilbhliain 2017/18, cuimseoidh na tacaí tosaigh seo, ar bhonn céimneach, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar leith, nuair a chuirfear tús leis an bpróiseas aitheantais, agus de réir mar a bhíonn toradh fóna ar gach céim den phróiseas a bhaint amach. Tá liosta de na tacaí tosaigh leagtha amach thíos:

- **Semineáir do phobail scoile:** Seimineáir, le comhordú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile, a fhéachfaidh le feachtas bhoird bhainistíochta, tuismitheoirí, agus ionadaithe ó choistí pleanála teanga ar na buntáistí a bhaineann leis an oideachas trí Ghaeilge a mhéadú ar mhaithe le tacaíocht agus feabhas a chur ar an soláthar oideachais ar ardcháilíocht trí Ghaeilge i scoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*.
- **Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL):** Cuirfear FGL sa bhreis ar fáil do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* a bheidh á comhordú ag COGG i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha agus leis an gCigireacht. Cuirfear ceardlanna leantacha ar fáil i gcuasaigh scoileanna chomh maith.
- **Laethanta scaoilte breise do bhunscoileanna agus scoileanna speisialta atá ag glacadh páirt sa *Scéim*** chun tacú leis an bpróiseas pleanála gníomhaíochta sa scoilbhliain ó Mheán Fómhair 2017 go Nollaig 2017.
- **Uaireanta breise d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim* i gcomhréir le méid na scoile** chun tacú leis an bpróiseas pleanála gníomhaíochta sa scoilbhliain ó Mheán Fómhair 2017 go Meitheamh 2018.
- **Tacaíocht na Cigireachta:** Beidh fáil ar fhoireann de chigirí a bheidh freagrach as comhairle, tacaíocht agus aiseolas a chur ar fáil do bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus d'iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, i dtaca lena bpróiseas pleanála gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile.
- **Leithdháileadh deontais:** Nuair a bheidh faomhadh tugtha do phlean gníomhaíochta scoile uile agus mar thaca leis an obair chun an plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, leithdháilfear deontas ar bhunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna atá ag glacadh páirt sa *Scéim*, d'fhonn ioc as acmhainní breise Gaeilge a bhaineann go dlúth leis an soláthar trí Ghaeilge.
- **Triail phiólótach ar mhol ríomhfhoghlama a bhunú:** Tá sé i gceist ag an Roinn fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht le mol ríomhfhoghlama a bhunú in iar-bhunscoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge atá páirteach sa *Scéim* chun feidhmiú mar nasc le seomraí ranga in iar-bhunscoileanna eile sa *Scéim*. Chuideodh sé seo le cianfhoghlaim idir scoileanna agus le deiseanna foghlama fíorúla a sholáthar i measc scoileanna d'fhonn leathnú a dhéanamh ar raon agus éagsúlacht na roghanna curaclaim a bheadh ar fáil do scoláirí le linn na sraithe iomláine iar-bhunscoile.
- **Leathnú ar sholáthar na múinteoirí nuacháilithe don oideachas trí mheán na Gaeilge ag leibhéal na hiar-bhunscoile:** Tá acmhainní breise tugtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chun tacú leis an gclár Máistir Gairmiúil san Oideachas (MGO) chun soláthar na múinteoirí iar-bhunscoile atá inniúil ar theagasc trí mheán na Gaeilge a threisiú.
- **Tacaí do Shuíomhanna Luathbhlianta:** Tá an fhreagracht ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta tacaí a chur ar fáil

chun oideachas d'ardchaighdeáin sna luathbhlianta trí Ghaeilge i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a chur chun cinn. Tá an Chigireacht tiomanta freisin don obair chigireachta a bheidh dírithe ar an oideachas ar ardchaighdeán a sholáthar trí mheán na Gaeilge i suíomhanna oideachais luathbhlianta a fheidhmiú trí mheán na Gaeilge.

An mbeidh tacaí eile á gcur ar fáil dár scoil faoin bPolasaí seo amach anseo?

Beidh. Táthar ag súil go méadófar ar raon na dtacaí do scoileanna aitheanta mar scoileanna Gaeltachta thar thréimhse an *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*. Cuirfear na sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne in am tráth roimh thús gach scoilbhliana nua.

Céard iad gníomhartha eile an Pholasaí?

Leagtar amach na gníomhartha eile atá beartaithe chun tacú le cur i bhfeidhm an *Pholasaí* thar thréimhse chúig bliana faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Feabhas a chur ar struchtúr an tsoláthair oideachais
- Feabhas a chur ar cháilíocht an teagaisc trí Ghaeilge
- Cumas ceannairí scoile agus bainistíocht scoile a fhorbairt
- Feabhas a chur ar an gcuraclam don Ghaeilge
- Feabhas a chur ar acmhainní agus tacaí teanga
- Soláthar oideachais sna luathbhlianta a láidriú
- Feasacht ar bhuntáistí an oideachais trí Ghaeilge a fhorbairt, cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí, agus tacú leo.

Conas a dhéanfar comhordú ar na tacaí?

Tá acmhainní breise tugtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) chun cuidiú le tacaíocht agus acmhainní a sholáthar do scoileanna chun go mbeidh toradh fóna ar chur i bhfeidhm an *Pholasaí*. Beidh ról sa bhreis ag COGG faoina ndéanfar comhordú ar thacaíochtaí agus tionscnaimh ar leith a sheachadadh don oideachas Gaeltachta i gcomhar leis an Aonad um Oideachas Gaeltachta, na seirbhísí tacaíochta náisiúnta agus gníomhaireachtaí eile.

Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an tAonad um Oideachas Gaeltachta chun maoirseacht agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an *Pholasaí*. Tabharfaidh Cigireacht na Roinne cuidiú don Aonad; tacóidh an Chigireacht le scoileanna agus déanfaidh an Chigireacht monatóireacht agus tuairisciú ar éifeachtacht an *Pholasaí*. San obair thacaíochta seo le scoileanna, oibreoidh an Chigireacht i ndlúthchomhar le COGG agus na seirbhísí tacaíochta scoile agus ceannaireachta a chomhoibreoidh le COGG.

Tá an paimfléad eolais seo, na himlitreacha do scoileanna, agus breis eolais faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* le fáil ag:

<http://www.education.ie/ga/An-Roinn/Bainistíocht-Eagar/An-tAonad-um-Oideachas-Gaeltachta.html>

Tuilleadh eolais le fáil ag:

An tAonad um Oideachas Gaeltachta
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96
aog@education.gov.ie